Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Márta 2022
(OR. fr)

7255/22
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0077(COD)**

CODEC 300
JAI 352
FRONT 125
ASIM 25
MIGR 89
CADREFIN 35
COMIX 138

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht **(an chéaad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón Ostair**

Gabhann an Ostair buíochas leis an gCoimisiún Eorpach as an tionscnamh agus is díol sásaimh di na leasuithe. Mar sin féin, tá gá le bearta breise, go háirithe chun maoiniú ón gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 a chur ar fáil go mear faoi na dálaí is simplí agus cuí do ghéarchéimeanna a d’fhéadfadh a bheith ann.

**Ráiteas ó Éirinn**

Tugann Éire dá haire go bhfuil sé de rún ag an gComhairle cinneadh a dhéanamh an Rialachán atá beartaithe a ghlacadh níos lú ná 3 mhí tar éis don chinneadh beartaithe seo a bheith curtha faoi bhráid na Comhairle.

Ós rud é gur beart de chuid Theideal V é sin, tá feidhm ag Prótacal 21 maidir le Seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais atá i gceangal leis na Conarthaí agus dá bhrí sin tá sé de cheart ag Éirinn a bheith páirteach sa bheart.

Tacaíonn Éire go hiomlán leis an togra atá ina fhreagairt thábhachtach ar an gcogadh san Úcráin. Tá sé i gceist ag Éirinn roghnú a bheith páirteach sa bheart tar éis na bhformheasanna rialtais agus parlaiminteacha is gá.

D'ainneoin Phrótacal 21 agus cheart na hÉireann roghnú a bheith páirteach sa rialachán seo, chinn Éire go haontaobhach, i bhfianaise na n-imthosca eisceachtúla agus aird á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an rialachán atá beartaithe i ndáil le cur ar chumas na mBallstát freagairt ar an ngéarchéim san Úcráin, an ceart sin atá againn a tharscaoileadh chun glacadh tapa an bhirt a éascú.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin nach n-éileoidh Éire, sa chás seo, an ceart atá aici a rogha a fheidhmiú maidir le 3 mhí a bheith aici chun fógra a thabhairt d'Uachtarán na Comhairle gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh bheartaithe ón gComhairle i gcomhréir le forálacha Airteagal 3 de Phrótacal 21.

Ina ionad sin, beidh Éire páirteach de bhun Airteagal 4 de Phrótacal 21, rud a chiallaíonn go roghnóimid a bheith páirteach tar éis ghlacadh an bhirt. Tugtar faoi deara go léiríonn Aithris 21 den téacs an cinneadh sin.

Déanfaidh Éire an roghnú a bheith páirteach faoi Airteagal 4 chomh tapa agus is féidir. Mar sin féin, leis an gcinneadh atá déanta againn an ceart atá againn a bheith páirteach faoi Airteagal 3 a tharscaoileadh, ní bheidh Éire in ann leas a bhaint as na cistí a scaoilfear leis an mbeart chun freagairt ar an ngéarchéim sa tréimhse ama chéanna le Ballstáit eile agus, go dtí go bhformheasfaidh an Coimisiún an roghnú a bheith páirteach faoi Airteagal 4 a dhéanfaimid ina dhiaidh sin.

Agus an méid sin á chur san áireamh, iarraimid ar an gCoimisiún, in am trátha, dlús a chur leis an roghnú a bheith páirteach, a dhéanfaidh Éire faoi Airteagal 4, sa bheart chun a chinntiú nach mbeidh aon drochthionchar ar chumas na hÉireann úsáid a bhaint as an tsolúbthacht mhéadaithe chun freagairt ar ghéarchéimeanna.

Ar deireadh, ní mór a thabhairt faoi deara nach ndearnadh breithniú leordhóthanach, arís, ar chearta Conarthacha na hÉireann agus an Rialachán seo á ullmhú. Cé gur díol sásaimh dúinn an tábhacht agus an siombalachas a bhaineann leis an bhfreagairt mhear a léirítear leis an rialachán atá beartaithe, ní mór na cearta a thugtar d'Éirinn le Prótacal 21 a urramú agus a mheas ón tús i ngach beart amach anseo a mbeidh feidhm aige ina leith, mar riachtanas bunreachtúil intíre.